



Griangraifeanna - Sonraí

Tá an caighdeán ríthábhachtach maidir le híomhánna poiblíochta. Taifeach, comhdhéanamh, soilsiú, fócas, tionchar físiúil den chaighdeán is airde etc.

Faigheann na pictiúir a bhfuil an caighdeán is fearr iontu dea-phoiblíocht.

20 íomhá ar a laghad le haghaidh cláir aon-uaire, agus 6 íomhá an eipeasóid le haghaidh sraithe.

Aon íomhá amháin le roghnú mar íomhá na sraithe, agus íomhá amháin an eipeasóid le roghnú mar phríomhghrianghraf na heipeasóide.

Ní mór iad a lipéadú don chlár, sraith agus eipeasóid agus an príomhchliar, cliarghrúpa, chomh maith le híomhánna cineálacha a bhfuil ábhar, láthair, carachtair shonracha na heipeasóide mar theideal orthu.

Na príomhíomhánna: Seatanna a léiríonn comhthéacs nó scéal an chlár/na sraithe agus a mbeidh tionchar físiúil acu, e.g. seatanna chuig ceamara den láithreoir ar staidiúir iontu, seatanna den chliar etc.

Seatanna na n-eipeasóidí: Seatanna a léiríonn



gníomh nó scéal na heipeasóide sin agus ina bhfuil rannpháirtithe na heipeasóide sin.

“Landscape” den chuid is mó ina mbíonn spás mórthimpeall ar an té is ábhar don seat lenár dteimpléid éagsúla a chur ann, le roghnanna portráide do na meáin chlóite





Griangraifeanna - Sonraí

Glacfar le híomhánna digiteacha ach ní mór dóibh a bheith ar an tsonraíocht seo ar a laghad:

- Glactha ar DSLR ag na socruithe iomlán caighdeánacha RAW.
- Curtha ar fáil mar leaganacha RAW agus jpeg
- Níl cead pictiúir a bheidh glactha ar fhón soghluaiste ná snapanna den scáileán a úsáid.
- Ní mór do ghrianghraif a bheith ar an taifeach iomlán, lándaite, gan aon ghrádáil seachas sa chás go bhfuil stíleáil eagarthóireachta déanta orthu. E.g. Clár Dubh agus Bán
- Ná bíodh aon lógónna ná comhartha uisce leabaithe.
- 10 MB jpeg ar a laghad
- Ní mór do gach grianghraf a bheidh le húsáid ar mhaithe le hionramháil ardleibhéil a bheith den taifeach iomlán 15 MB ar a laghad
- Ní mór do ghrianghraif a bheith geal, socraithe agus nochtaithe i gceart, gan aon ghéarú bréagach déanta air.
- Saor ón iomarca torainn, snáithe, agus comhbhrú digiteach.
- Saor ón iomarca gleadharta, scáile, salachar ar an lionsa, marcanna agus baic agus iomraill lionsa.
- Saor ón iomarca brú duibhe agus rónochtadh aibhsithe
- Ní mór don léiriú datha, dath cnis ach go háirithe, a bheith seasta ar feadh an chláir/na sraithe, agus ní mór léiriú ceart a thabhairt ar an radharc sin mura maisíocht físe eagarthóireachta atá i gceist.
- Níor chóir go mbeadh aon chomhrianú/déantán atá mar thoradh ar phróiseáil dhigiteach le feiceáil, níl cead zúmáil dhigiteach a dhéanamh
- Ní mór íomhánna/cartúin CGI a bheith ar ardaifeach agus srathaithe más gá. Ní ghlacfar le gabhálacha scáileáin de CGI.

Ba cheart na híomhánna seo a bheith ar an gcaighdeán teicniúil agus eagarthóireachta is airde agus is féidir, agus iad ‘réidh lena n-úsáid’, le nach mbeadh obair shuntasach iarléiriúcháin ar bith le déanamh orthu, amhail cúlraí a ghlanadh nó feabhsúcháin eile den sórt céanna.

Beidh grianghrafadóireacht ag teastáil ag céimeanna éagsúla roimh an seachadadh deiridh chun spriocanna a bhaineann le sceidil margaíochta agus táirgí a bhaint amach. Cuir roinnt íomhánna ar fáil a luaithe is a bheidh siad ar fáil chun léiriú a dhéanamh ar chomhthéacs an chláir.

